2025/241

10.2.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/241 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Feabhra 2025

lena n-údaraítear modhanna grádúcháin chun conablaigh muc a aicmiú sa tSeicia agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/1/CE

(tugadh fógra faoi leis an doicméad C(2025) 745)

(Is é an téacs Seicise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 20, an chéad mhír, pointí (p) agus (t), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, foráiltear go mbeidh feidhm ag scálaí an Aontais um chonablaigh muc a aicmiú i gcomhréir le pointe B d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin. Maidir le conablaigh muc a aicmiú, foráiltear le Roinn B.IV, pointe 1, d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin go bhfuil measúnú le déanamh ar an gcion feola trua trí bhíthin modhanna grádúcháin arna n-údarú ag an gCoimisiún, nach bhféadfar a údarú ach modhanna measúnaithe atá cruthaithe de réir staidrimh atá bunaithe ar thomhas fisiceach cuid anatamaíoch amháin nó níos mó den chonablach muice agus go bhfuil modhanna grádúcháin faoi réir uasráta lamháltais le haghaidh earráid staidrimh le linn measúnaithe a chomhlíonadh. Sainítear an lamháltas sin i gCuid A, pointe 1, an dara mír, d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1182 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Le Cinneadh 2005/1/CE ón gCoimisiún ([3]), údaraíodh sé mhodh a úsáid chun conablaigh muc a ghrádú san tSeicia.

(3) D'iarr an tSeicia ar an gCoimisiún an modh nua seo a leanas a údarú: 'Fat-O-Meater II (FOM II)'. Chun na críche sin, chuir an tSeicia tuairisc mhionsonraithe i láthair ar an triail dhiosctha, lena léirítear na prionsabail ar a bhfuil an modh nua sin bunaithe, torthaí na trialach diosctha agus na cothromóidí a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an gcéatadán feola trua sa phrótacal dá dtagraítear in Airteagal 11(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1182.

(4) D'iarr an tSeicia ar an gCoimisiún freisin foirmle nuashonraithe a údarú le haghaidh trí mhodh ('Zwei-Punkte-Messverfahren', 'Ultra-sound IS-D-05' agus 'Needle IS-D-15') atá údaraithe cheana féin le Cinneadh 2005/1/CE chun conablaigh muc a ghrádú ar a críoch.

(5) Trí na hiarrataí sin a scrúdú, fuarthas amach go gcomhlíontar na coinníollacha agus na híoscheanglais maidir leis na modhanna nua grádúcháin a údarú agus na cothromóidí le haghaidh na modhanna údaraithe a nuashonrú mar a leagtar síos i gCuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1182. Dá bhrí sin, ba cheart an modh nua grádúcháin agus na foirmlí nua a údarú sa tSeicia.

(6) D'iarr an tSeicia go n-údarófaí don Choimisiún foráil a dhéanamh maidir le bealach chun conablaigh muc a chur i láthair atá éagsúil leis an gcur i láthair caighdeánach a leagtar síos i Roinn B.III d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1182 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le scálaí an Aontais um chonablaigh mart, muc nó caorach a aicmiú agus a mhéid a bhaineann le praghsanna margaidh aicmithe áirithe conablach agus ainmhithe beo a thuairisciú (IO L 171, 4.7.2017, lch. 74, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/1182/oj).

([3]) Cinneadh ón gCoimisiún an 27 Nollaig 2004 lena n-údaraítear modhanna chun conablaigh muc a ghrádú i bPoblacht na Seice (IO L 1, 4.1.2005, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2005/1(1)/oj).

(7) Níor cheart modhnuithe ar na modhanna grádúcháin ná ar na gairis lena mbaineann a cheadú, ach amháin má údaraítear sin go sainráite le cinneadh cur chun feidhme ón gCoimisiún.

(8) Ar chúiseanna soiléireachta agus deimhneachta dlíthiúla, ba cheart Cinneadh 2005/1/CE a aisghairm.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear úsáid na modhanna grádúcháin seo a leanas chun measúnú a dhéanamh ar chion feola trua conablach muc de bhun Roinn B.IV, pointe 1, d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 sa tSeicia:

(a) an modh grádúcháin ar a dtugtar 'Zwei-Punkte-Messverfahren' agus na modhanna measúnaithe lena mbaineann, a leagtar amach sonraí ina leith i gCuid I den Iarscríbhinn;

(b) an gaireas ar a dtugtar 'Fat-O-Meater (FOM)' agus na modhanna measúnaithe lena mbaineann, a leagtar amach sonraí ina leith i gCuid II den Iarscríbhinn;

(c) an gaireas ar a dtugtar 'Hennessy Grading Probe (HGP 4)' agus na modhanna measúnaithe lena mbaineann, a leagtar amach sonraí ina leith i gCuid III den Iarscríbhinn;

(d) an gaireas ar a dtugtar 'Ultra FOM 300' agus na modhanna measúnaithe lena mbaineann, a leagtar amach sonraí ina leith i gCuid IV den Iarscríbhinn;

(e) an gaireas ar a dtugtar 'Ultra-sound IS-D-05' agus na modhanna measúnaithe lena mbaineann, a leagtar amach sonraí ina leith i gCuid V den Iarscríbhinn;

(f) an gaireas ar a dtugtar 'Needle IS-D-15' agus na modhanna measúnaithe lena mbaineann, a leagtar amach sonraí ina leith i gCuid VI den Iarscríbhinn;

(g) an gaireas ar a dtugtar 'Fat-O-Meater II (FOM II)' agus na modhanna measúnaithe lena mbaineann, a leagtar amach sonraí ina leith i gCuid VII den Iarscríbhinn.

Ní fhéadfar an modh grádaithe ar a dtugtar 'Zwei-Punkte-Messverfahren' a chur i bhfeidhm ach amháin i seamlais nach maraíonn níos mó ná 200 muc in aghaidh na seachtaine sa mheán bliantúil.

Airteagal 2

D'ainneoin an chur i láthair chaighdeánaigh dá dtagraítear i Roinn B.III d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, féadfar conablaigh muc sa tSeicia a chur i láthair:

(a) gan chluasa, na cluasa a bheith bainte sula ndéantar an conablach a mheá agus a ghrádú. I gcás cur i láthair den sórt sin, déanfar meáchan taifeadta an chonablaigh the a choigeartú i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

meáchan an chonablaigh the = meáchan an chonablaigh the gan chluasa + 0,274 kg;

(b) gan an bhlonag a bheith bainte sula ndéantar é a mheá agus a ghrádú. I gcás cur i láthair den sórt sin, déanfar meáchan taifeadta an chonablaigh the a choigeartú i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

meáchan an chonablaigh the = 1,65651 + 0,96139 × meáchan an chonablaigh the leis an mblonag;

(c) gan an bhlonag a bheith bainte agus gan chluasa, na cluasa a bheith bainte sula ndéantar an conablach a mheá agus a ghrádú. I gcás cur i láthair den sórt sin, déanfar meáchan taifeadta an chonablaigh the a choigeartú i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

meáchan an chonablaigh the = 1,65651 + 0,96139 × (meáchan an chonablaigh the leis an mblonag agus gan chluasa + 0,274 kg).

Airteagal 3

Údarófar modhnuithe ar na modhanna údaraithe grádúcháin nó ar ghairis lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 1 le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún.

Airteagal 4

Aisghairtear Cinneadh 2005/1/CE.

Airteagal 5

Is chuig Poblacht na Seice a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

MODHANNA GRÁDÚCHÁIN CHUN CONABLAIGH MUC A AICMIÚ SA tSEICIA

CUID I

Zwei-Punkte-Messverfahren (ZP)

(1) Beidh feidhm ag na rialacha dá bhforáiltear sa Chuid seo nuair a dhéantar conablaigh muc a ghrádú trí bhíthin an mhodha ar a dtugtar 'Zwei-Punkte-Messverfahren (ZP)'.

(2) Féadfar an modh sin a chur chun feidhme trí rialóir a úsáid agus cinntear an grádúchán le cothromóid fáistine. Tá sé bunaithe ar thomhas de láimh mheánlíne an chonablaigh scoilte.

(3) Ríomhfar cion feola trua an chonablaigh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$Y = 61{,}84184 - 0{,}46816 \times BF + 0{,}07998 \times MD$$

I gcás inarb amhlaidh na nithe seo a leanas:

Y = céatadán measta na feola trua,

BF = íostiús i milliméadair na saille infheicthe (lena n-áirítear an craiceann) lena gcumhdaítear an matán gluteus medius ar mheánlíne an chonablaigh scoilte,

MD = tiús an mhatáin i milliméadair a thomhaistear mar an líne nasctha is giorra d'imeall cráiniach an mhatáin gluteus medius agus imeall droma na canála veirteabraí.

Beidh an fhoirmle sin bailí i gcás conablaigh a bhfuil meáchan idir 60 agus 120 kg iontu.

CUID II

Fat-O-Meater (FOM)

(1) Beidh feidhm ag na rialacha dá bhforáiltear sa Chuid seo nuair a dhéantar conablaigh muc a ghrádú trí bhíthin an mhodha ar a dtugtar 'Fat-O-Meater (FOM)'.

(2) Tá an gaireas feistithe le tóireadóir de thrastomhas 6 mhilliméadar ina bhfuil fótaidhé-óid den chineál Siemens SFH 950/960 agus ag a bhfuil fad oibriúcháin idir 3 agus 103 mhilliméadar. Tiontaíonn ríomhaire torthaí na dtomhas sin ina meastacháin ar an bhfeoil trua.

(3) Ríomhfar cion feola trua an chonablaigh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$Y = 70{,}28164 - 0{,}75376 \times S + 0{,}00270 \times M$$

I gcás inarb amhlaidh na nithe seo a leanas:

Y = céatadán measta na feola trua,

S = tiús na saille droma (lena n-áirítear an craiceann) i milliméadair, a thomhaistear 6,5 ceintiméadar ó mheánlíne an chonablaigh, idir an dara agus an tríú heasna dheireanach,

M = tiús an mhatáin i milliméadair, a thomhaistear an tráth céanna agus ag an bpointe céanna agus a thomhaistear S.

Beidh an fhoirmle sin bailí i gcás conablaigh a bhfuil meáchan idir 60 agus 120 kg iontu.

CUID III

Hennessy Grading Probe (HGP 4)

(1) Beidh feidhm ag na rialacha dá bhforáiltear sa Chuid seo nuair a dhéantar conablaigh muc a ghrádú trí bhíthin an mhodha ar a dtugtar 'Hennessy Grading Probe (HGP 4)'.

(2) Tá an gaireas feistithe le tóireadóir de thrastomhas 5,95 milliméadar (agus de 6,3 milliméadar ag an lann ar bharr an tóireadóra) ina bhfuil fótaidhé-óid (Siemens LED den chineál LYU 260-EO) agus fótabhraiteoir den chineál 58 MR agus ag a bhfuil fad oibriúcháin idir 0 agus 120 milliméadar. Tiontóidh an HGP 4 féin nó ríomhaire atá nasctha leis torthaí na dtomhas ina meastacháin ar an gcion feola trua.

(3) Ríomhfar cion feola trua an chonablaigh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$Y = 69{,}11354 - 0{,}67804 \times S + 0{,}00432 \times M$$

I gcás inarb amhlaidh na nithe seo a leanas:

Y = céatadán measta na feola trua,

S = tiús na saille droma (lena n-áirítear an craiceann) i milliméadair, a thomhaistear 7 gceintiméadar ó mheánlíne an chonablaigh, idir an tríú agus an ceathrú heasna dheireanach,

M = tiús an mhatáin i milliméadair, a thomhaistear an tráth céanna agus ag an bpointe céanna agus a thomhaistear S.

Beidh an fhoirmle sin bailí i gcás conablaigh a bhfuil meáchan idir 60 agus 120 kg iontu.

CUID IV

Ultra FOM 300

(1) Beidh feidhm ag na rialacha dá bhforáiltear sa Chuid seo nuair a dhéantar conablaigh muc a ghrádú trí bhíthin an mhodha ar a dtugtar 'Ultra FOM 300'.

(2) Beidh an gaireas feistithe le tóireadóir ultrasonach ag 3,5 MHz. Déanann micreaphróiseálaí an comhartha ultrasonach a dhigitiú, a stóráil agus a phróiseáil. Tiontóidh an gaireas Ultra-FOM féin torthaí na dtomhas ina meastacháin ar an gcion feola trua.

(3) Ríomhfar cion feola trua an chonablaigh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$Y = 66{,}78382 - 0{,}80922 \times S + 0{,}04746 \times M$$

I gcás inarb amhlaidh na nithe seo a leanas:

Y = céatadán measta na feola trua,

S = tiús na saille droma (lena n-áirítear an craiceann) i milliméadair, a thomhaistear 7 gceintiméadar ó mheánlíne an chonablaigh, idir an dara agus an tríú heasna dheireanach (tomhas ar a dtugtar 'P2'),

M = tiús an mhatáin i milliméadair, a thomhaistear an tráth céanna agus ag an bpointe céanna agus a thomhaistear S.

Beidh an fhoirmle sin bailí i gcás conablaigh a bhfuil meáchan idir 60 agus 120 kg iontu.

CUID V

Ultra-sound IS-D-05

(1) Beidh feidhm ag na rialacha dá bhforáiltear sa Chuid seo nuair a dhéantar conablaigh muc a ghrádú trí bhíthin an ghairis ar a dtugtar 'Ultra-sound IS-D-05'.

(2) Is gaireas é an gaireas grádúcháin IS-D-05 chun an fheoil thrua agus an tiús saille a thomhas bunaithe ar anailís freagartha ar raon na ríog ultrasonach, a tharchuirtear ar bhonn seicheamhach isteach sa chonablach san áit shonraithe. Scanann an tóireadóir ultrasonach conablaigh chóireáilte le sraith 3 × 100 ríog ultrasonach ag minicíocht 4 MHz tráth an scanta.

(3) Ríomhfar cion feola trua an chonablaigh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$Y = 69{,}17386 - 0{,}83174 \times BF + 0{,}03530 \times MD$$

I gcás inarb amhlaidh na nithe seo a leanas:

Y = céatadán measta na feola trua,

BF = tiús na saille droma (lena n-áirítear an craiceann) i milliméadair idir an dara agus an tríú heasna dheireanach, 7 gceintiméadar ón meánlíne droma go hingearach leis an gcraiceann,

MD = tiús na saille droma (lena n-áirítear an craiceann) i milliméadair idir an dara agus an tríú heasna dheireanach, 7 gceintiméadar ón meánlíne droma go hingearach leis an gconablach.

Beidh an fhoirmle sin bailí i gcás conablaigh a bhfuil meáchan idir 60 agus 120 kg iontu.

CUID VI

Needle IS-D-15

(1) Beidh feidhm ag na rialacha dá bhforáiltear sa Chuid seo nuair a dhéantar conablaigh muc a aicmiú trí bhíthin an ghairis ar a dtugtar 'Needle IS-D-15'.

(2) Úsáideann an gaireas grádúcháin IS-D-15 tóireadóir snáthaide a chuirtear isteach in áit áirithe den chonablach; tá an doimhneacht ionsáite thart ar 140 milliméadar. Tá foireann optúil suite taobh thiar den tsnáthaid a shoilsíonn, trí úsáid a bhaint as cainéal optúil, an fíochán nó an limistéar máguaird agus déanann sí scanadh ar an méid fuinnimh solais frithchaite leis an tonnfhad sainithe. Tá an teirminéal feistithe le gaireas beacht tomhais éadadhaill freisin, a chinneann an doimhneacht ionsáite iarbhír le cruinneas 46 mhicriméadar.

(3) Ríomhfar cion feola trua an chonablaigh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$Y = 67{,}86508 - 0{,}74820 \times BF + 0{,}04786 \times MD$$

I gcás inarb amhlaidh na nithe seo a leanas:

Y = céatadán measta na feola trua,

BF = tiús na saille droma (lena n-áirítear an craiceann) i milliméadair idir an dara agus an tríú heasna dheireanach, 7,5 ceintiméadar ón meánlíne droma, go hingearach leis an gcraiceann.

MD = tiús na saille droma (lena n-áirítear an craiceann) i milliméadair idir an dara agus an tríú heasna dheireanach, 7,5 ceintiméadar ón meánlíne droma go hingearach leis an gconablach.

Beidh an fhoirmle sin bailí i gcás conablaigh a bhfuil meáchan idir 60 agus 120 kg iontu.

CUID VII

Fat-O-Meater II (FOM II)

(1) Beidh feidhm ag na rialacha dá bhforáiltear sa Chuid seo nuair a dhéantar conablaigh muc a aicmiú trí bhíthin an ghairis ar a dtugtar 'Fat-O-Meater II (FOM II)'.

(2) Is éard atá sa ghaireas tóireadóir optúil le scian, gaireas tomhais doimhneachta le fad oibriúcháin idir 0 agus 125 mhilliméadar, agus bord fála agus anailíse sonraí.

(3) Ríomhfar cion feola trua an chonablaigh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$Y = 65{,}73183 - 0{,}75225 \times BF + 0{,}07957 \times MD$$

I gcás inarb amhlaidh na nithe seo a leanas:

Y = céatadán measta na feola trua,

BF = tiús na saille droma (lena n-áirítear an craiceann) i milliméadair idir an dara agus an tríú heasna dheireanach, 6,5 ceintiméadar ón meánlíne droma go hingearach leis an gcraiceann,

MD = tiús na saille droma (lena n-áirítear an craiceann) i milliméadair idir an dara agus an tríú heasna dheireanach, 6,5 ceintiméadar ón meánlíne droma go hingearach leis an gconablach.

Beidh an fhoirmle sin bailí i gcás conablaigh a bhfuil meáchan idir 60 agus 120 kg iontu.